# Folúntas: Saineolaí ar Oiliúint Sláinte Poiblí agus Forbairt Acmhainní
# Aonad: Acmhainn agus Cumarsáid Sláinte Poiblí
# Tagairt: (ECDC/AD/2018/PHC-EPHTCB)

Iarrtar ar iarrthóirí cur isteach ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Cur síos ar an bpost

Beidh Sealbhóir an Phoist freagrach do Cheann na Rannóige Oiliúna Sláinte Poiblí.

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Cúrsaí oiliúna a eagrú faoin gclár forbartha gairmiúla leanúnaí, ag tabhairt tacaíochta do rannóga agus do chláir ghalair ECDC, i bhformáidí éagsúla (duine le duine, ríomhfhoghlaim agus foghlaim chumaisc), lena n-áirítear forbairt inneachair;
- Inneachar agus ábhair oiliúna a choimeád, ar ardán fíorúil oiliúna ECDC ar a n-óstáiltear iad sin, agus an t-ardán sin a riaradh;
- Straitéis a fhorbairt le haghaidh pobail chleachtais i spás oibre fíorúil comhoibríoch i réimse na hoiliúna sláinte poiblí, agus modhnóireacht a dhéanamh ar na pobail sin;
- Tacaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil do mhaoirseoirí i gClár Ánrachta ECDC agus do ghairmithe sláinte náisiúnta eile, ag cuidiú le heasghluaiseacht ghníomhaíochtaí oiliúna ECDC;
- Tacaíocht a thabhairt do líonrú inmheánach agus seachtrach i réimse na sláinte poiblí ó thaobh oiliúna agus fothú acmhainní de;
- Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hoiliúint de réir mar is gá;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá.

## Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

### A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do chúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma[1];
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh[2];
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach[3];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

*Taithí ghairmiúil/eolas:*

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad (tar éis an dioplóma a bhaint amach), ar gnóthaíodh taithí 3 bliana ar a laghad di i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Cúlra láidir i bhfaireachas galar teagmhálach agus in eipidéimeolaíocht idirghabhála;
- Taithí chruthaithe ar ghníomhaíochtaí oiliúna sláinte poiblí, lena n-áirítear ríomhfhoghlaim, a eagrú;
- Taithí láidir phraiticiúil agus scileanna láidre praiticiúla i mbainistíocht tionscadal;
- Taithí oibre a gnóthaíodh i suíomh idirnáisiúnta agus ilchultúrtha;
- Sáreolas ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

*Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:*

- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach;
- Dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach;
- Dírithe ar sheirbhís a thabhairt;

---

[1] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

2 Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

3 Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a chothú;
- Dea-scileanna cumarsáide béil agus scríofa.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

## Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Déanfar an ceapachán ag grád **AD5**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

## Nós imeachta iarratais

**Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Ionas go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach rannán riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú, agus ba cheart an fhoirm iarratais a sholáthar i bhformáid**

**Word nó PDF agus más féidir i mBéarla[4]. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Is féidir an fhoirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo: https://ecdc.europa.eu/en/work-us/vacancies**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nóis imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, le fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní thabharfar fógra ach amháin d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

---

[4] Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.